Paróiste an Fheirtéaraigh

Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach

Fógraí na Seachtaine 14 - 20 Samhain 2026

Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 14 Samhain ar a 7.30rn.
Beidh cuimhneamh speisialta ar na daoine go léir a cailleadh agus a cuireadh sa pharóiste i rith na bliana agus iad siúd atá luaite ar Liostaí na Samhna.
Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 15 Samhain ar a 10.00rn
Intinn: 1. Pauline O'Connell (Ní Ainiféin), Cóbh, Baile an Fheirtéaraigh, CM
2. Ita Fitzgerald (Ní Chatháin), An Daingean, 1ú C.B.
3. Páid agus Máirín Uí Shúilleabháin, An Ghráig agus a n-iníon Nuala Lane, CB
4. Joan agus Michael Dillane, Baile an Éanaigh agus a Mac Willie, C.B.

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eoghan Ó Cadhla 087-6951318

Guí an Phobail
Na daoine luaite ar Liostaí na Samhna agus na mairbh go léir.
Máirín Uí Lúing (Ní Mhistéal) Ceann Trá agus An Cheathrú a fuair bás le déanaí.
Liam Ó Mathúna, 1ú C.B., Máire Ní Mhathúna a dheirfiúr C.B. agus Breandán a ndeartháir agus a muintir go léir atá ar shlí na fírinne.
Tom Ó Scannláin, Gleann Loic, 10ú C.B.



Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 22 Samhain ag 9.00rn
Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 22 Samhain ag 10.00rn
Intinn: Seán Ó Muircheartaigh, Riasc, C.B. agus a bhean céile Siobhán agus na siúracha Bríd agus Máire Ní Mhuircheartaigh, atá ar shlí na fírinne.

Aifrinntí i rith na seachtaine
Séipéal Naomh Uinseann
Dé Luain 9.30rn,
Déardaoin 9.30rn.
Séipéal na Carraige
Dé Máirt 9.30rn,
Dé hAoine **6.00in**

Mar cheiliúradh d'Fhéile Chríost Rí, Dé Domhnaigh, 22 Samhain, beidh Adhradh óna 2.00-5.15in agus Uair Bheannaithe óna 3.00-4.00in le paidreacha speisialta i Séipéal Naomh Uinseann.

Paidir le Naomh Eoin Anraí Newman (1801 – 1890)
Go dtuga an Tiarna tacaíocht dúinn i gcaitheamh an lae go léir, go dtí go dtagann síneadh ar an scáth, agus go dtiteann tost ar ghriothal an domhain, agus ar fhotharaga an tsaoil, agus ár lá oibre istigh! Ansan, Lena thrócaire go mbronna sé orainn tearmann daingean, socracht bheannaithe agus suaimhneas ar deireadh. *D'fhógair an Pápa Leon XIV Eoin Anraí Newman mar Dhochtúir Eaglasta ar an 1ú Samhain, 2025.*

Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna dos na Mairbh
Tá na clúdaigh do Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna dos na Mairbh curtha amach anois. Buíochas ó chroí dos na daoine a thugann amach na clúdaigh dúinn. Téann an t-airgead ós na bailiúcháin seo go dtí tuarastal an tsagairt. Táimid ana bhuíoch as bhur gcabhair agus bhur bhflaithiúlacht agus guímid gach beannacht agus rath oraibh agus ar bhur muintir.

Biongó
Beidh Biongó ar mhaithe le hOspidéal Pobail Chorca Dhuibhne, ar siúl Dé Domhnaigh, 22 Samhain ar a 7.00in. Fáilte roimh chách.

Lá Cuimhneacháin Dóibh Siúd a Mairíodh ar na Bóithre (15 Samhain)
Inniu, cuimhnímíd orthu siúd a mairíodh ar na bóithre ar fud an domhain. Go raibh acu síocháin shíoraí agus go dtuga Dia sólás dá muintir atá faoi bhrón. Go gcuítí Dia go fial le gach duine a chabhraíonn nuair a bhíonn timpistí ann:- Na Gárdaí, na seirbhísí éigeandála agus lucht leighis.

Biongó Mór na Nollag
Beidh Biongó Mór na Nollag ar mhaithe le Scoil an Fheirtéaraigh ar siúl Dé Céadaoin, 2 Nollaig ar a 7.00in. Crannchur, soláistí agus duaiseanna breátha. Fáilte roimh chách.

Naomh Lorcán Ó Tuathail, easpag (Samhain 14)

Rugadh Naomh Lorcán Ó Tuathail sa bhliain 1123 i gCúige Laighean. Rinne sé a chuid staidéir i nGleann Dá Loch agus rinneadh ab de ar an mainistir ansin sa bhliain 1148. Sa bhliain 1162 toghadh é mar chéad ardeaspag dúchais ar Bhaile Átha Cliath. D'fhill sé ó Chomhchomhairle Lateran III ina leagáid de chuid an Phápa agus thionól sé sionaid chun an leasú eaglasta a chur ar aghaidh. D'éag sé in Eu sa Bhriotáin sa bhliain 1180, áit a ndeachaigh sé chun síocháin a athbhunú idir ríthe na hÉireann agus Rí Shasana. Cineál crosbhóthair atá in Abbeville agus cineál teorann atá sa Somme don Éireannach ag lorg iarsmaí a shinsear sa chúinne seo den Fhrainc. Má thiontaíonn sé siar, rachaidh an t-oilithreach i dtreo an chósta go hEu (30 ciliméadar) le beannú do thaisí N Lorcán Ó Tuathail a d'éag i dTeach na gCanónach Rialta de San Victor anseo ar an 14 Samhain 1180. Cuimhneoidh an t-oilithreach ar chinniúint aisteach an fhir óig a oileadh i nGleann Dá Loch ó 1140 ar aghaidh, a toghadh ina ab ar an mhainistir chéanna i 1154 agus a coisriceadh ina ardeaspag ar Áth Cliath in Ardteampall Chríost i 1162. *Gaelscrínte san Eoraip (a scríobh an Cairdinéal Tomás Ó Fiach).* Tá cóipeanna sna séipéil.

Mí na Marbh
Chuala duine amháin á rá, n'fheadarsa ab é an saol so nó neamh, ná fuil sé ach aon orlach amháin ón nduine. Ar a láimh a shíneadh in airde chomh fada is a dh'fhéadfadh sé é go bhfuil an neamh, nó an saol eile orlach fós uaidh. Ach ní raibh na daoine fadó, a déarfainn, i bhfad ósna daoine a bhí marbh in aon chor. Gan dabht deirtear, 'sí dlí na cille go ligeann sí gach éinne amach,' agus is fíor san. Áit bheannaithe is ea an reilig agus cé go bhfuil sé ráite go mbíonn diamhaireacht agus uaigneas agus aonaracht ar dhaoine a bhíonn ag gabháil thar reilig istoíche agus tá sé ráite go gcasann daoine port feadaíola chun a chur in iúl ná fuil aon eagla orthu agus iad ag crith le heagla san am céanna, ní ghachtas riamh, a chuala, aon drochrud sa reilig. Joe Daly anso sa Chúinne (Seosamh Ó Dálaigh)

Grúpa Gníomhaíochtaí do Dhaoine le Néaltrú (Dementia)
Beidh an Grúpa Gníomhaíochtaí do Dhaoine le Néaltrú (Dementia) 'Sonas Le Chéile' ag teacht le chéile **Déardaoin, 19 Samhain óna 11.00rn -1.00in in Óstán Bhenners, sa Daingean.** Beidh fáilte roimh cairde, gaolta, cúramóirí agus daoine le Néaltrú. Beidh na himeachtaí seo leanas ar siúl: caidreamh shóisialta, cluichí éadrom, ceol, amhráin, scéalaíocht agus comhrá. Breis eolais 087 217 7932.

Anam Cara Óíche Eolais ar líne
Beidh oíche eolais ar siúl Déardaoin, 19 Samhain, ar a 7.00in. Aoichainteoir Sasha Bates. Tugann Anam Cara tacaíocht do dhaoine gur cailleadh leanbh leo. Clárú www.anamcara.ie nó 01-4045378.

Ciste an Pharóiste €700.00, Bl. Sp. Commisiúin na hEaglaise €105.00
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean – **IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).**

Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie